AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

# GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR I

(220 marc)

**DÉARDAOIN, 6 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.50**

---

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Ceist 1** *agus* **Ceist 2** a fhreagairt.

**THALL →**

## CEIST 1 - CEAPADÓIREACHT - [120 marc]

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

### A - GIOTA LEANÚNACH - (60 marc)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:-

(i) Ag féachaint siar ar mo laethanta scoile.
(ii) Scannáin.
(iii) An fón gluaisteach (fón póca) i saol an lae inniu.

### B - SCÉAL - (60 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

(i) "Bhí an oíche dorcha. Bhí sé leathuair tar éis a dó dhéag. Ní raibh Úna tagtha abhaile fós…"

**nó**

(ii) "'Tá dalta nua sa rang. Hassan an t-ainm atá air. Is as Cosobhó dó. 'Tabharfaidh tusa aire don dalta sin inniu,' arsa an Príomhoide liom…"

### C - LITIR - (60 marc)

(i) Tá post samhraidh an-deas agat in óstán. Tá post eile le fáil ann. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat faoi sin.

**nó**

(ii) Tá plean agatsa chun cabhrú leis na daoine bochta san Afganastáin. Ba mhaith leat cabhair a fháil ó na daltaí atá sa scoil leat. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig iris na scoile ag míniú an phlean sin.

### D – COMHRÁ - (60 marc)

(i) Tá club oíche nua i do cheantar. Bhí tú féin ann aréir ach ní raibh do chara ann fós. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

**nó**

(ii) Ba mhaith leat dul go dtí an tSeapáin (chun Corn an Domhain sa Sacar a fheiceáil, b'fhéidir) nó chuig tír éigin eile ach níl d'athair (nó do mháthair) sásta cead a thabhairt duit dul ann. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

| CEIST 2 | - LÉAMHTHUISCINT - | [100 marc] |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

## A - (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

# FIONNUALA : RÉALTA HOLLYWOOD



**1.** Tá eolas ag aos óg na hÉireann ar an aisteoir, **Fionnuala Flanagan**, mar gur ghlac sí páirt sa scannán *The Others* in éineacht le **Nicole Kidman**. Ach b'fhéidir nach bhfuil a fhios acu go bhfuil Gaeilge líofa ag Fionnuala agus go ndéanann sí iarracht a cuid Gaeilge a labhairt go rialta. Nuair a thagann sí abhaile go hÉirinn as Los Angeles, an chéad rud a dhéanann sí nuair a bhailíonn sí a carr in aerfort Bhaile Átha Cliath ná Raidió na Gaeltachta a chur ar siúl mar go gcabhraíonn RnaG léi smacht a choimeád ar a cuid Gaeilge.

**2.** Rugadh Fionnuala i mBaile Átha Cliath. Cé nach raibh Gaeilge ag a tuismitheoirí chreid siad go láidir sa ráiteas *Tír gan teanga, Tír gan anam*. Ó tharla go raibh suim acu sa Ghaeilge chuir siad Fionnuala chuig scoil lánGhaeilge. Ansin sheol siad chun na Gaeltachta í nuair a bhí sí óg, áit ar fhan sí le muintir Choincheanainn ar an Spidéal. "Ba shin iad na laethanta ba dheise de mo shaol. Tá mé fíorbhuíoch de mo thuismitheoirí mar gur thug siad seans dom cónaí sa Ghaeltacht ar feadh tamaill. Bhain mé taitneamh as litríocht na Gaeilge a léamh ón am sin amach agus chabhraigh sé liom muintir na Gaeltachta a thuiscint," a deir sí.

**3.** Thaitin an ealaín agus an scríbhneoir **James Joyce** go mór lena tuismitheoirí agus bhíodh Fionnuala i láthair ag drámaí go minic. "Thit mé i ngrá le saol na haisteoireachta agus bhí a fhios agam nach raibh uaim ach an aisteoireacht." D'fhreastail sí ar scoil na haisteoireachta in *Amharclann na Mainistreach* agus ar an stáitse san amharclann is mó a bhíodh sí ag aisteoireacht. Bhí suim aici i James Joyce freisin agus ghlac sí páirt sa scannán *Ulysses* agus sna drámaí *James Joyce's Women* agus *Ulysses in Night-town*. "Bhí páirt Mholly Bloom agam sa dráma *Ulysses in Night-town,* dráma a bhain *Duais Tony* amach ar Bhroadway i Nua-Eabhrac agus a chuir ar an stáitse idirnáisiúnta mé den chéad uair."

**4.** Bhí Fionnuala an-sásta páirt a ghlacadh sa scannán *The Others* nuair a fuair sí amach go raibh **Alejandro Amenábar** á léiriú. Chabhraigh an léiritheoir óg cumasach go mór léi agus mhínigh sé cúlra an scéil di roimh ré. "Nuair a scríobh Amenábar an scéal don scannán seo, bhunaigh sé an scéal ar bhrionglóid uafásach a bhí aige nuair a bhí sé óg agus ar na hoícheanta a chaith sé ina aonar ina sheomra codlata agus é scanraithe roimh an dorchadas."

(i) Cén fáth a gcuireann Fionnuala Raidió na Gaeltachta (RnaG) ar siúl nuair a bhailíonn sí a carr in aerfort Bhaile Átha Cliath *(Alt 1)*? (10 marc)

(ii) Luaigh **dhá rud** a rinne a tuismitheoirí le Fionnuala "ó tharla go raibh suim acu sa Ghaeilge". (*Alt 2*). (10 marc)

(iii) Cad "a chuir ar an stáitse <u>idirnáisiúnta</u> í den chéad uair" *(Alt 3)*? (10 marc)

(iv) In *Alt 4* deir sí go raibh sí an-sásta páirt a ghlacadh sa scannán *The Others.* Cén uair a bhí sí sásta an pháirt sin a ghlacadh? (10 marc)

(v) Nuair a scríobh Alejandro Amenábar an scéal don scannán *The Others*, bhunaigh sé an scéal ar dhá rud. Cad iad an **dá rud** sin *(Alt 4)*? (10 marc)

**THALL →**

## B - (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

# AN tÁDH DEARG


**1.** Thart ar 3,000 duine a maraíodh sa **Dá Thúr** i Nua-Eabhrac nuair a bhuail dhá eitleán fúthu ar 11 Meán Fómhair 2001. Ó tharla go mbíodh 40,000 duine ag obair iontu gach lá, caithfidh sé go raibh an t-ádh dearg ar go leor daoine. Bhain an t-ádh sin le **Patti Storer**. Aeróstach í Patti nach raibh sa phost sin ach cúig lá. Fuair Aerlíne Phatti amach an mhaidin sin go raibh duine de na haeróstaigh tinn agus ghlaoigh siad ar Phatti agus ar aeróstach eile, cara léi, chuig an aerfort chun freastal ar Eitilt AA11 ó Bhoston go Los Angeles.

**2.** Shroich a cara an t-aerfort cúpla nóiméad roimh Phatti agus ba í a cara a roghnaigh an Aerlíne chun dul ar Eitilt AA11. Ní fheicfeadh Patti arís í. "Ní raibh idir Patti agus an bás ach cúpla nóiméad," a deir máthair Phatti.

As Ros Muc do mháthair Phatti, **Eibhlín Ní Dhomhnaill**, agus ba í a thiomáin Patti chuig an stáisiún traenach an mhaidin sin. Nuair a d'fhill Eibhlín abhaile chuir sí an teilifís ar siúl. Chonaic sí Eitilt AA11 ag bualadh faoin Túr ó Thuaidh. Ba bheag nár thit an t-anam as Eibhlín mar bhí sí cinnte go raibh a hiníon ar an eitilt thubaisteach sin. Níos deireanaí sa lá chuala sí go raibh Patti slán sábháilte.

**3.** Bhain an t-ádh céanna le **Peadar Ó Cadhla** as Tairbeart, Co. Chiarraí agus lena nia, **Pádraig Ó Donnabháin**. Deartháir é Peadar don **Seanadóir Dan Kiely**. Ag obair mar chomhairleoir airgid ar an 55ú urlár sa Túr ó Dheas a bhí Peadar an lá sin. Ní raibh a fhios aige go raibh Pádraig ag siúinéireacht ar an 85ú urlár san fhoirgneamh céanna. "Chuala mé torann ollmhór. Shíl mé go raibh buama tar éis pléascadh agus rith mé go dtí an fhuinneog. Bhí deatach agus smionagar gach áit", a deir Peadar. Níor thug sé aird ar bith ar an moladh a bhí ag teacht ón gcóras poiblí fuaime a dúirt leo fanacht san fhoirgneamh. Rith sé síos na staighrí chomh tapa agus a bhí sé in ann.

**4.** D'éirigh leis dul amach ar an tsráid. Nuair a bhí sé ag stánadh aníos ar an tine sa Túr ó Thuaidh, go tobann, chonaic sé lasracha móra tine eile. An dara heitleán a bhí tar éis bualadh in aghaidh an Túir ó Dheas, an áit a raibh sé féin cúpla nóiméad roimhe.
"Bhí sé cosúil le hIfreann", a deir sé. Rith sé ar cosa in airde. Fear eile a bhí ag rith go tapa ag an am sin ná Pádraig. Anuas leis na staighrí.
"Chualamar pléasc an-mhór. Thosaigh



an foirgneamh ag crith agus thit daoine ar na staighrí. Cheap mé ag an am nach mbeinn ábalta an foirgneamh a fhágáil mar bhí go leor seandaoine sa bhealach orm agus bhí daoine laga ag stopadh ró-mhinic," a deir Pádraig. Ach d'éirigh leis éalú.

**5.** Is iomaí créatúr eile nach raibh chomh hádhúil sin, faraor.

**Gluais**: aeróstach = duine a bhíonn ag freastal ar phaisinéirí in eitleán

(i) Deirtear *sa chéad Alt* gur ghlaoigh an Aerlíne ar Phatti agus ar a cara an mhaidin sin. Cén fáth? (10 marc)

(ii) "Ba í a cara a roghnaigh an Aerlíne chun dul ar Eitilt AA11", a deirtear sa *dara hAlt*. Conas a tharla sé gurbh í cara Phatti a roghnaigh siad? (10 marc)

(iii) "Ba bheag nár thit an t-anam as Eibhlín" a deirtear sa *dara hAlt*. Cén fáth? (10 marc)

(iv) Luaigh **dhá rud** faoi Pheadar Ó Cadhla atá sa *tríú hAlt* faoi. (10 marc)

(v) Cén fáth ar cheap Pádraig Ó Donnabháin nach mbeadh sé ábalta an foirgneamh a fhágáil *(an ceathrú hAlt)*. (**Dhá rud** atá i gceist) (10 marc)